Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0083(COD)**

**7767/23**
**ADD 3 REV 1 (fr,de,it,nl,da,el,es,pt,fi,sv,cs,et,lv,lt,hu,mt,pl,sk,sl,bg,ro,hr,ga)**

**CONSOM 100**
**MI 234**
**COMPET 258**
**SUSTDEV 50**
**ENV 297**
**ENER 154**
**DIGIT 47**
**CODEC 456**
**IA 50**
**IND 142**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 60 final/2 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 60 final/2.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 60 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2023
SWD(2023) 60 final/2

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828**

{COM(2023) 155 final} - {SEC(2023) 137 final} - {SWD(2023) 59 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

Measúnú tionchair ar an Tionscnamh maidir le Tomhaltas Inbhuanaithe Earraí — Deisiú agus Athúsáid a Chur Chun Cinn

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Cuireann an tionscnamh tosaíocht an Choimisiúin maidir leis an aistriú glas i gcrích, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip agus a chuspóir maidir le tomhaltas inbhuanaithe. Nuair a éiríonn táirgí tomhaltais lochtach, is minic nach mbíonn tomhaltóirí ag iarraidh iad a dheisiú ná a athúsáid, ach iad a dhiúscairt roimh am, cé go bhféadfaí na táirgí a dheisiú agus a athúsáid. Tarlaíonn sé sin nuair a roghnaíonn tomhaltóirí na táirgí a athsholáthar in ionad iad a dheisiú faoi ráthaíocht dhlíthiúil na Treorach maidir le Díolachán Earraí (TDE) agus lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil nuair a roghnaíonn tomhaltóirí gan iad a dheisiú. Mar thoradh air sin bíonn méadú ar an dramhaíl a ghintear agus ar astaíochtaí CO2 nach bhfuil gá leo, chomh maith le diomailt acmhainní luachmhara.

Tá an fhadhb sin ann ar fud an Aontais, fadhb maidir le hearraí tomhaltais indeisithe a dhiúscairt roimh am mar aon le raon leathan earraí tomhaltais. Thacaigh níos mó ná dhá thrian de fhreagróirí an chomhairliúcháin phoiblí (65-74 %) leis an bhfadhb a réiteach ar leibhéal an Aontais.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Chun tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn trí earraí tomhaltais inmharthana a dheisiú agus a athúsáid, is é is aidhm don tionscnamh seo deisiúchán earraí tomhaltais lochtacha agus athúsáid earraí a mhéadú laistigh den ráthaíocht dhlíthiúil agus lasmuigh di.

Tá an Coimisiún ag saothrú chuspóir an Chomhaontaithe Ghlais maidir le tomhaltas inbhuanaithe ar bhealach iomlánaíoch. Ó thaobh an tsoláthair de, i ngeall ar an togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR) cuirtear an indeisitheacht táirgí chun cinn. Ó thaobh an éilimh de, i ngeall ar an togra le haghaidh Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas (ECGT) cuirtear ar a gcumas do thomhaltóirí cinntí ceannaigh a dhéanamh ar bhonn eolas maith. Ós rud é nach ndéantar níos mó deisiúcháin mar thoradh ar an dá thogra sa chéim iardhíola, tá an tríú gné sa tionscnamh seo freisin. Cuireann sé an deisiúchán chun cinn mar leigheas sa ráthaíocht dhlíthiúil agus cuireann sé uirlisí nua ar fáil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí a chuireann an deisiúchán chun cinn lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil.

Is é is aidhm do na trí bheart sin go léir tomhaltas níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tá siad deartha chun éifeacht charnach a bheith acu agus clúdaíonn siad saolré iomlán táirge le chéile. Dá réir sin, ní mór amharc orthu le chéile.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Tá leigheasanna in TDE atá comhchuibhithe go hiomlán cheana féin le haghaidh earraí tomhaltais lochtacha. Má tá na rialacha sin le hathrú chun deisiú agus athúsáid earraí a chur chun cinn laistigh den ráthaíocht dhlíthiúil, ní mór é a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, le bearta náisiúnta lena gcuirtear deisiú agus athúsáid earraí tomhaltais chun cinn lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil, chruthófaí ilroinnt sa Mhargadh Aonair nó mhéadófaí é.

| **B. Réitigh** |
| --- |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha tosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Is iad seo a leanas na roghanna chun deisiú agus athúsáid earraí a chur chun cinn **laistigh den ráthaíocht dhlíthiúil**: tosaíocht a thabhairt don deisiúchán laistigh de chóras leigheasanna TDE i gcás ina mbíonn sé níos saoire ná earraí a athsholáthar; úsáid a bhaint as an deisiúchán mar phríomhleigheas; síneadh a chur leis an tréimhse dliteanais i gcomhthéacs an deisiúcháin; tréimhse dhliteanais na n-earraí athchóirithe a ailíniú le hearraí nua agus earraí lochtacha a athsholáthar le hearraí athchóirithe.<br><br>Is iad seo a leanas na roghanna chun deisiú agus athúsáid earraí a éascú agus a spreagadh **lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil**: faisnéis maidir leis an deisiúchán á soláthar ag táirgeoirí agus faisnéis maidir hearraí a dheisiú agus a athchóiriú ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais á soláthar ar chomhar-ardán; feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar choinníollacha maidir leis an deisiúchán trí ghealltanais dheonacha; oibleagáid a chur ar dheisitheoirí luachan deisiúcháin a eisiúint maidir le praghas agus coinníollacha an deisiúcháin, agus oibleagáid a chur ar tháirgeoirí earraí a dheisiú faoi réir ceanglais indeisitheachta faoi dhlí an Aontais nó gach táirge in aghaidh praghais.<br><br>Áirítear **sa phacáiste roghanna tosaíochta** eilimintí ón dá bhraisle, lena dtugtar aghaidh ar an deisiúchán lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil ós rud é go bhfuil an sciar is mó de na lochtanna le feiceáil sa chás seo agus, dá bhrí sin, is mó is féidir cur i gcrích an deisiúcháin a mhéadú. Is éard atá sa rogha thosaíochta na roghanna seo a leanas:<br><br>- Tosaíocht a thabhairt don deisiúchán i gcás ina mbíonn sé níos saoire ná an t-athsholáthar sa ráthaíocht dhlíthiúil.<br>- An oibleagáid ar tháirgeoirí a chur in iúl má thairgeann táirgeoirí an deisiúchán a dhéanamh agus má tá siad faoi oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith orthu an deisiúchán a dhéanamh.<br>- Ardán ar an leibhéal náisiúnta lena ndéantar tomhaltóirí a mheaitseáil le deisitheoirí príomhearraí tomhaltais, agus earraí athchóirithe a chur chun cinn.<br>- Gealltanais dheonacha maidir le caighdeán AE i ndáil le hearraí a dheisiú go héasca.<br>- Oibleagáid orthu siúd a thairgeann deisiúchán luachan a eisiúint maidir le praghas agus coinníollacha an deisiúcháin i bhfoirm chaighdeánaithe.<br>- Oibleagáid ar tháirgeoirí earraí atá faoi réir ceanglais indeisitheachta faoi dhlí an Aontais an deisiúchán a dhéanamh lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil in aghaidh praghais. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé atá i bhfách le cén rogha?** |
| D'aontaigh formhór na bpáirtithe leasmhara a thug freagra ar an gcomhairliúchán poiblí leis na fadhbanna a sainaithníodh.<br><br>I gcás tromlach beag de na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear formhór na saoránach den Aontas, na bpáirtithe leasmhara gnó agus na n-údarás poiblí, mheas siad go bhfuil sé éifeachtach tosaíocht a thabhairt don deisiúchán i gcás ina mbíonn sé níos saoire ná athsholáthar. Mheas formhór na n-eagraíochtaí tomhaltóirí agus comhshaoil nach raibh an beart éifeachtach. Thacaigh roinnt Ballstát leis an rogha seo.<br><br>Thacaigh leath de na páirtithe leasmhara uile a thug freagra le héifeachtacht na ngealltanas deonach lena gcuirtear an deisiúchán chun cinn. Mheas páirtithe leasmhara gnó go háirithe go raibh an beart seo éifeachtach, cé gur mheas formhór na n-eagraíochtaí comhshaoil a thug freagra agus leath na n- |

eagraíochtaí tomhaltóirí nach raibh an beart éifeachtach.

Maidir leis an oibleagáid atá ar an táirgeoir an deisiúchán a dhéanamh in aghaidh praghais, mheas tromlach beag na bhfreagróirí gur cheart feidhm a bheith aige sin i gcás lochtanna a eascaíonn as caitheamh agus cuimilt, agus mheas leath díobh gur cheart feidhm a bheith aige i gcás ina dtarlaíonn lochtanna tar éis don ráthaíocht dhlíthiúil dul in éag. Bhí dearcadh difriúil ag páirtithe leasmhara gnó: níor mheas ach mionlach gur cheart lochtanna a eascraíonn as caitheamh agus cuimilt a chumhdach.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Ní mór tionchar comhshaoil na rogha tosaíochta a mheas in éineacht le tionchar comhshaoil ESPR agus ECGT, toisc go bhfuil siad deartha chun éifeacht charnach a bheith acu. Thar 15 bliana déanfar coigilteas 18.4 milliún tona $CO_2$ i ngeall ar an tionscnamh seo, agus an tráth céanna, déanfar coigilteas 471 mhilliún tona i ngeall ar ESPR agus déanfar coigilteas 0.33-0.47 milliún tona i ngeall ar ECGT. Dá bhrí sin, is suntasach an tionchar comhcheangailte ar an gcomhshaol. Is airde i bhfad coigilteas $CO_2$ ESPR ós rud é go bhfuil sé mar aidhm ag ESPR athruithe forleathana a dhéanamh ar mhonarú táirgí, ach an tráth céanna, déantar i bhfad níos mó $CO_2$ a choigilt i ngeall ar an tionscnamh seo i gcomparáid le ECGT. Is in éineacht le chéile freisin a chuidíonn na tionscnaimh a dtionchar a ghiniúint.

Beidh caillteanais ag gnólachtaí mar gheall ar dhíolacháin a tharscaoiltear agus táirgeadh laghdaithe earraí nua. Is fíorshuntasach an coigilteas do thomhaltóirí (EUR 176.5 billiún thar 15 bliana) a théann thar na costais ar ghnólachtaí. Leis an bpacáiste rogha tosaíochta athrófar patrúin tomhaltais na dtomhaltóirí i dtreo na inbhuanaitheachta san fhadtéarma ionas go gcaithfidh na tomhaltóirí níos lú airgid i ngeall ar níos lú tomhaltais. Dá bhrí sin, léireofar leis na caillteanais a bheidh ag gnólachtaí an t-aistriú ó ioncam gnólachtaí go leas tomhaltóirí agus is dócha go n-infheisteoidh na tomhaltóirí an t-airgead a dhéanfar a choigilt sa gheilleagar foriomlán, rud a fhágfaidh go mbeidh fás agus infheistíocht ann.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Beidh caillteanais in oll-bhreisluach ag trádálaithe agus táirgeoirí an Aontais i ngeall ar an laghdú ar dhíolacháin agus ar tháirgeadh earraí nua agus toisc nach mór dóibh ceanglais nua faisnéise a chomhlíonadh agus an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a chomhlíonadh. Is ard na costais coigeartaithe gnó ach ní leor iad i bhfianaise thionchar suntasach an tionscnaimh.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Tabhóidh FBManna costais ghnó a luaitear thuas freisin. Cé go bhfuil costais choigeartaithe agus riaracháin i gcoibhneas le hioncam gnó níos airde go díréireach do FBManna, meastar go rachaidh comhardú foriomlán na gcostas agus na sochar faoin rogha thosaíochta beagán chun tairbhe do FBManna ina n-iomláine. Is é is cúis leis sin go rachaidh sé chun tairbhe do FBManna san earnáil deisiúcháin cé go mbeidh an earnáil déantúsaíochta agus an earnáil miondíola, lena n-áirítear FBManna san earnáil sin, beagán faoi mhíbhuntáiste i ngeall ar an tionscnamh.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Meastar nach mbeidh costais shuntasacha forfheidhmiúcháin ar údaráis phoiblí. I gcás an ardáin náisiúnta,

| |
|---|
| beidh roinnt costas i gceist le forbairt TF agus cothabháil an ardáin, chomh maith le múscailt feasachta. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| D'fhéadfadh sé go mbeadh caillteanais ag táirgeoirí tríú tír mar gheall ar laghdú ar dhíolacháin earraí allmhairiúcháin nua. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar domhanda dearfach níos fadtéarmaí a bheith ag an tionchar sin toisc go bhféadfadh sé go mbeadh dreasacht ag na táirgeoirí sin athrú go táirgeadh earraí níos marthanaí. |
| **Comhréireacht?** |
| Cuirtear cur chuige cothrom chun cinn sa phacáiste maidir le roghanna tosaíochta lena n-urramaítear prionsabal na comhréireachta. Chun an deisiúchán a chur chun cinn i gcomhthéacs na ráthaíochta dlíthiúla, ní leasaítear dlíthe náisiúnta ach a mhéid is gá chun an cuspóir a bhaint amach. Ní chuireann an rogha isteach ar shocruithe seanbhunaithe náisiúnta maidir le tréimhsí dliteanais. I gcás roghanna eile nach dtagann faoin ráthaíocht dhlíthiúil, tá comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais teoranta do na roghanna sin amháin, go háirithe an luachan agus an oibleagáid an deisiúchán a dhéanamh, a bhfuil gné den mhargadh inmheánach ag baint leo. I gcás ina bhfuil réiteach ar an leibhéal náisiúnta éifeachtach, i.e. an t-ardán deisiúcháin, is é sin an rogha thosaíochta. I gcomhthéacs 'an chaighdeáin i ndáil le hearraí a dheisiú go héasca', is é rud a dheartar an rogha ina gealltanas deonach chun cur isteach forleathan ar dhlíthe náisiúnta lena rialaítear seirbhísí a sheachaint. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar meastóireacht ar an tionscnamh 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm. |